## Socruithe athbhreithnithe maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

## Meán Fómhair 2024

### Cohórt Scoláirí 2022 – 2025 (an scoláire sa tríú bliain in 2024/2025)

Cuireadh isteach ar thréimhse foghlama an scoláire in 2020 agus in 2021 de bharr gur dúnadh scoileanna chun srian a chur ar an bpaindéim COVID-19. In ainneoin iarrachtaí móra na múinteoirí agus na scoileanna chun tionchar na scolaíochta trína chéile a mhaolú, fuair scoláirí taithí éagsúil ar an bhfoghlaim.

**NB: Sa chomhthéacs seo, is iad na socrúcháin mheasúnaithe athbhreithnithe a cuireadh i bhfeidhm don bhliain 2023/24 a bheidh i bhfeidhm i gcónaí don scoláire sa tríú bliain sa scoilbhliain 2024/25.**

- Beidh íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin le cur i gcrích ag gach scoláire i ngach ábhar agus Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngach gearrchúrsa. Ní bheidh Tascanna Measúnaithe le déanamh ag scoláirí ón gcohórt sin.
- Is faoi na scoileanna atá sé, cinneadh a dhéanamh cibé Measúnú Rangbhunaithe amháin nó dhá Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanamh i ngach ábhar.
- Mar sin féin, beidh roinnt eisceachtaí ag baint leis na roghanna a dhéanfaidh na scoileanna:
    - chun a chinntiú go ndéanfar measúnú ar scileanna cumarsáide ó bhéal, ní mór do na scoláirí **Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal** sna **Nuatheangacha Iasachta** a chomhlánú mar aon le **Measúnú Rangbhunaithe 2: Tasc Cumarsáideach** sa **Ghaeilge.**
    - toisc go bhfuil siad ceangailte i ngach cás leis an scrúdú deiridh san ábhar, ní mór do na scoláirí atá i mbun staidéir ar **Amharc-ealaín, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaicí** agus **Teicneolaíocht Adhmaid Measúnú Rangbhunaithe 2 a dhéanamh.**
- San Amharc-Ealaín, de ghnáth ní mór Measúnú Rangbhunaithe amháin a chur i láthair in 3T. Tarscaoiltear an riachtanas sin i gcás scoláire sa tríú bliain in 2024/25.
- Sa ghearrchúrsa Corpoideachais, caithfidh an scoláire sa tríú bliain in 2024/25 íosmhéid de Mheasúnú Rangbhunaithe amháin a chur i gcrích.

Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil an dáta deiridh le haghaidh chur i gcrích MRB1 i ngach ábhar i mí na Bealtaine 2024, caite anois.

## Cohórt Scoláirí 2022 – 2025 (an scoláire sa tríú bliain in 2024/2025)

### Measúnú Rangbhunaithe 2 sa Teicneolaíocht Fheidhmeach, Innealtóireacht, Grafaic agus Teicneolaíocht Adhmaid[1] (riachtanach)

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 4 Deireadh Fómhair, 2024 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 11 Deireadh Fómhair, 2024 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 18 Deireadh Fómhair, 2024 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 san Amharc-ealaín

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 15 Samhain, 2024 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé hAoine, 22 Samhain, 2024 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 29 Samhain, 2024 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 i nGaeilge, Eacnamaíocht Bhaile, Ceol

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Dé hAoine, 7 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 24 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 28 Márta, 2025 |

### Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Déardaoin, 13 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 24 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 28 Márta, 2025 |

[1] Eiseofar treoir nó cáipéis tionscadail ábhartha d'ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí láithreach i ndiaidh an dáta a chuirfear MRB2 i gcrích.

## Cohórt Scoláirí 2023 – 2026 (an scoláire sa dara bliain in 2024/2025)

**Leanfaidh mic léinn sa chohórt seo na socruithe céanna agus a cuireadh i bhfeidhm do mhic léinn sa chohórt 2022-25.**

### Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar

| | |
|---|---|
| Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích | Dé Luain, 28 Deireadh Fómhair, 2024 – Dé hAoine, 9 Bealtaine, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Céadaoin, 14 Bealtaine, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé Céadaoin, 21 Bealtaine, 2025 |

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar Nóta Faisnéise TC 0006/2024 (Roinn Oideachais) agus Litreacha Ciorcláin na Roinne Oideachais 0028/2023 agus 0015/2023 faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/